Sa bhaile

le BORD GÁIS ENERGY SUPPLY

Seirbhísí do sheandaoine agus do dhaoine faoi mhíchumas

Moltaí chun fuinneamh a shábháil

Scéal an gháis nádúrtha

BGESAH0607

Promoting sustainable forest management and recycling

Issue 4



Seirbhísí do sheandaoine agus do dhaoine faoi mhíchumas

Tá Soláthar Fuinnimh Bhord Gáis tar éis Clár rúnda do Sheirbhísí Speisialta a fhorbairt do chustaiméirí tís arbh fhearr leo go ndéanfaí cuid dár seirbhísí a chur in oiriúint dá riachtanais ar leith. Is rud deonach é chun clárú.

B'fhéidir gur mhaith leat a bheith páirteach ann agus leas a bhaint as cuid dár Seirbhísí Speisialta.

Tá tú incháilithe má tá tú:

- **i do Sheanóir – 66 bliain d'aois nó níos sine agus i do chónaí leat féin nó le seandaoine eile nó le páistí.**
- **Duine a bhfuil máchail soghluaisteachta, éisteachta nó radhairc air/uirthi.**

I measc na seirbhísí atá ann dár gcustaiméirí atá dall nó caoch tá:

- Billí a fháil i mBraille nó mar Bhillí Labhartha.
- Cóipeanna a fháil dár dTéarmaí agus ár gCoinníollacha do Sholáthar an Gháis, an Chairt Custaiméirí agus na Cóid Chleachtais ar dhlúthdhiosca nó ar Chloschaiséad.

I measc na seirbhísí atá ann dár gcustaiméirí a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu tá:

- Seirbhís Téacs Gutháin, trí úsáid an fhearais Minicom atá sa teach. Má tá tú ag iarraidh an tseirbhís seo a úsáid, cuir glaoch orainn le do thoil ag 1850 630 630.

I measc na seirbhísí atá ann dár gcustaiméirí aosta tá:

- Ní dhéanfar dícheangal ar sheirbhísí na gcustaiméirí aosta atá 66 bliain d'aois nó níos sine agus atá ina gcónaí leo féin nó le seandaoine eile nó le páistí, ní dhéanfar dícheangal ar an soláthair gáis nádúrtha atá acu, idir an 1ú lá Mí na Samhna agus an 31ú lá Márta.

Ainmniú cúramóra:

- Is féidir leis na custaiméirí atá cláraithe linn an rogha a dhéanamh chomh maith, chun gaol nó cúramóir a ainmniú le cabhrú le híoc a gcuid billí. Is féidir billí agus comhfhreagras a chur chucu agus rachaimid i dteagmháil leo siúd, má táimid ag iarraidh dul i dteagmháil leatsa.

Má tá tú ag iarraidh níos mó eolais a fháil chomh maith le cóip den Chód Cleachtais agus den fhoirm iarratais do Chlár na Seirbhísí Speisialta, tabhair cuairt ar ár suíomh idirlín ag www.bordgaisenergysupply.ie nó cuir glaoch orainn ag 1850 632 632.

Nó d'fhéadfá ríomhphost a chur chugainn ag info@bordgais.ie nó cuir facs chugainn ag 1850 631 631.

Moltaí chun fuinneamh a shábháil

- Socraigh é go múchann an teas tamaillín sula dtéann tú a luí. Leanann na radaitheoirí de bheith ag téamh an tí ar feadh tamaill ina dhiaidh sin.
- Má tá teirmeastait seomra feistithe agat, is féidir suas le 10% de do chaiteachas bliantúil ar théamh spáis a shábhail, má chastar síos iad 1°C.*
- Tomhais teocht an tseomra. Is í an teocht ídéalach sa seomra suí ná thart ar 20°C, agus 18°C sa seomra leapa.*

*Foinse: Sustainable Energy Ireland.



Scéal an gháis nádúrtha

Tá an gás nádúrtha atá in úsáid againn sa lá atá inniu ann, na milliúin bliain d'aois. Ach níor tharla sé ach le déanaí, go raibh sé de chumas againn leas a bhaint as an acmhainn luachmhar seo.

Ar feadh na gcéadta bliain, ba ábhar rúndiamhaire é an gás nádúrtha. Cheap na sibhialtachtaí luatha gur eascair na lasracha gan rabhadh a bhíodh ag brúchtaíl amach as an tírdhreach ó am go chéile, ó fhoinse ósnádúrtha. Ach ba iad na Sínigh a bhí ar an gcéad dream chun leas a bhaint as acmhainneacht an gháis nádúrtha, thart ar 500 R.C. Agus píobáin bhambú á n-úsáid acu mar phíblínte bunúsacha, d'iompair siad gás chuig a sráidbhailte agus d'úsáid siad é chun uisce a théamh.

Thosaigh úsáid tráchtála an gháis nádúrtha sa Bhreatain. Áit ar lasadh na lampaí sráide i Londain le gás nádúrtha. Thosaigh an chuid is mó de na cathracha eile ag úsáid gáis a cruthaíodh ó ghual, thart ar an am sin. Rinneadh céim eile chun tosaigh in 1885, nuair a cruthaíodh Dóire Bunsen. Léirigh sé seo go bhféadfaí lasair ghlan a chruthú trí ghás agus aer a mheascadh le chéile agus go raibh sí an-oiriúnach do chócaireacht agus teas.

Ach ní raibh aon mhodh éifeachtach ann chun méid mór gáis nádúrtha a iompar, ag an am sin. Níor tharla sé ach le 60 bliain anuas, gur forbraíodh an teicneolaíocht chun an gás nádúrtha a bhaint agus a iompar go sábháilte. Chiallaigh sé sin go bhféadfaí an leas is fearr a bhaint as gás nádúrtha, mar fhoinse fuinnimh atá sábháilte, éifeachtúil agus atá go maith don timpeallacht.